2026/2552

18.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2552 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chustam arna bhunú faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle ([1]).

(2) De bhun Airteagal 6.3 den Chomhaontú, tá na Páirtithe le haitheantas frithpháirteach a bhunú, i gcás inarb iomchuí, maidir lena gcláir comhpháirtíochta trádála faoi seach, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.

(3) De bhun Airteagail 6.17 agus 16.4 den Chomhaontú, is féidir leis an gCoiste um Chustam, a bunaíodh de bhun Airteagal 16.2 den Chomhaontú, cinntí a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chláir comhpháirtíochta trádála.

(4) An Coiste um Chustam, le linn an dara cruinniú a bheidh aige in 2026 nó, faoi réir chomhaontú na bPáirtithe, trí nós imeachta i scríbhinn, tá sé beartaithe le cinneadh a ghlacadh a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do Chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus agus do Chlár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe ('OEÚ') an Aontais.

(5) Trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár OEÚ agus do chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus, is féidir slándáil agus sábháilteacht a fheabhsú go mór agus trádáil idirnáisiúnta a éascú trí shlándáil an tslabhra soláthair idirnáisiúnta a neartú.

(6) Tá clár OEÚ agus clár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus bunaithe ar chaighdeáin slándála a aithnítear go hidirnáisiúnta agus a mholtar sa Chreat Caighdeán SAFE chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú ar ghlac an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim é i mí an Mheithimh 2005.

(7) Is léir ó chuairteanna ar an láthair agus meastóireacht chomhpháirteach ar chlár OEÚ agus ar chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus go bhfuil a gcuid caighdeán cáilíochta, chun críoch slándála agus sábháilteachta, comhoiriúnach agus go mbíonn torthaí coibhéiseacha mar thoradh orthu.

(8) Beidh éifeachtaí dlíthiúla don Aontas ag an gcinneadh ón gCoiste um Chustam, má ghlactar é.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh sa Choiste um Chustam a bhaineann le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár OEÚ agus do chlár Shingeapór um Chomhpháirtíocht Trádála Sláine Plus a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) Cinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (IO L 294, 14.11.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1875/oj).

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chustam faoin gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Chustam atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS